(11) Tar éis leibhéal cur chun feidhme a ísliú nó a mhéadú maidir le beart, d'iarr an Ghréig, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, údarú na hacmhainní a úsáid a saoradh leis na bearta a bhaint agus le leibhéal cur chun feidhme na mbeart a ísliú chun dhá bheart nua a chur isteach: beart 16880 (Rannaíocaíocht DES ADMIE i méadú scairchaipitil IPTO) agus beart 16859 (Ranníocaíocht dheonach leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach um Ghigeamhonarcha IS)) agus leibhéal cur chun feidhme deich mbeart a ardú. Baineann an méid sin le beart 16401 (An Clár um Uasghrádú Fuinnimh 'Upgrade My Home'), beart 16846 (Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Ceannach Trealaimh Bhardasaigh Bainistithe Dramhaíola), beart 16983 (Cigireacht phíomhúil ar fhrithsheasmhacht sheismeach foirgneamh nó saoráidí spóirt), beart 16855 ('Satailítí beaga'), beart 16783 (Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Shláinte Phoiblí a Chosc 'Spiros Doxiadis' (NPP 'SD')), beart 16628 (Mórbhealach na Gréige Láir E-65: Roinn Trikala-Egnatia), beart 16293 (An cultúr mar spreagadh don fhás), beart 16879 (Pleananna Uirbeacha a ullmhú chun an t-athchóiriú ar an mbeartas uirbeach a chur chun feidhme), beart 16999 (Oibreacha athchóirithe tar éis éifeachtaí tubaisteacha stoirmeacha 'DANIEL', 'ELIAS' agus 'IANOS') agus beart 16980 (An tSaoráid Iasachta). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme ocht mbeart a ardú agus go ndéanfaí trí bheart nua a chur isteach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

